OÍCHE CHULTÚIR

FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 MEÁN FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 MEÁN F



**READ IN ENGLISH**

**LÉIGH AS GAEILGE**

AILLIMHE • CONTAE NA GAILLIMHE • CONTAE NA GAILLIM

the arts council / an chomhairle ealaíon

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO**

OÍCHE CHULTÚIR

AOINE 20 MEÁN FÓMHAIR 2024



# OÍCHE DÁR SAOL

CONTAE NA GAILLIMHE

the arts council an chomhairle ealaíon

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO



## RÉAMHRÁ

Tá lúcháir ar Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe clár Oíche Chultúir 2024 a chur i láthair don Aoine 20 Meán Fómhair. Tá imeachtaí dochreidte curtha le chéile ag lucht eagraithe na n-imeachtaí chun gur féidir le lucht féachana bailiú le chéile agus Oíche Chultúir, Oíche Dár Saol a cheiliúradh.

Is í Lumina an príomhimeacht a bheidh againn a dhéanfaidh canbhás d'aghaidh Ardeaglaise Thuama ar a léireofar soilse agus fuaim trí theilgean agus beo-léirithe chórúla. Bhronn an Chomhairle Ealaíon, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíona, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú ar an Oifig Ealaíon le haghaidh Oíche Chultúir Dhéanach. Arna tacú ag Áiteanna Cruthaitheacha Thuama agus arna léiriú ag Culture Works.

## CLÁR ÁBHAIR: TAPÁIL CHUN IMEACHTAÍ A FHEICEÁIL

BAILE ÁTHA AN RÍ-ÓRÁN MÓR

BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

CONAMARA

BAILE LOCHA RIACH

TUAIM

AR LÍNE

LIOSTA IOMLÁN NA N-IMEACHTAÍ:
TAPÁIL ANSEO



the arts council an chomhairle ealaíon

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

# OÍCHE CHULTÚIR CHONTAE NA GAILLIMHE CLÁR 2024

## ATHENRY-ORANMORE

| | | |
|---|---|---|
| 17:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Cinnte d'fhéadfainn é sin a dhéanamh! |
| 18:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Drumadóireacht i nGrúpaí Drumadore agus Taibhithe |
| 18:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Damhsaí Faerie |
| 18:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Comharghrúpa na gCumadóirí Amhrán |
| 18:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Fuaimthonnta... Feicthe agus Cloiste! |
| 19:00 | Baile Átha an Rí-Órán Mór | Oíche cheoil, drámaíochta, fhilíochta agus phróis |

## BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

| | | |
|---|---|---|
| 16:00 | Béal Átha na Sluaighe | Ag Nascadh le Cultúr an Lucht Siúil |
| 16:00 | Béal Átha na Sluaighe | Arrachtaí agus Créatúir |
| 17:00 | Béal Átha na Sluaighe | Oíche Chultúir Bhéal Átha Gártha 2024 |
| 19:00 | Béal Átha na Sluaighe | Taispeántas Ghrúpa 8 |
| 20:00 | Béal Átha na Sluaighe | Fuaimeanna na mBailte Fearainn |

## CONAMARA

| | | |
|---|---|---|
| 16:00 | Conamara | Ceardlann Ceangailte Leabhar le hÉilís Murphy |
| 17:00 | Conamara | Fíor-Ghaillimh |
| 17:00 | Conamara | Faoi Gheasa (Léiriú 1) |
| 18:00 | Conamara | Damhsa Ceartingearach ar Thúr Martello, Ros an Mhíl, Taispeáint Scannáin |
| 19:00 | Conamara | Faoi Gheasa (Léiriú 2) |
| 19:00 | Conamara | Gaillimh Cathair na Scannán/Taispeáint Ceantar Scannán |
| 19:00 | Conamara | Taispeántas 'Inis Oírr i Stíl Jack B. Yeats' le Dara McGee agus ceolchoirm le ceoltóirí Inis Oírr |
| 19:30 | Conamara | Seoladh an suíteáil "Fáistineach" le hEoghan Ó Ceannabháin, Ultan O'Brien agus Saileog Ní Cheannabháin |
| 20:00 | Conamara | Lainseáil Leabhair nua Mháirtín Davy 'Learaí an Cheoil agus Scéalta Nua' |
| 20:30 | Conamara | Céilí Inis Meáin |



the arts council / an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

# OÍCHE CHULTÚIR CHONTAE NA GAILLIMHE CLÁR 2024 (ar leanúint)

## BAILE LOCHA RIACH

| | | |
|---|---|---|
| 18:00 | Baile Locha Riach | Soiléiriú ar an Digiteach: Tráthnóna le Austin Ivers |
| 18:00 | Baile Locha Riach | Oíche sa Ghráig; Ceol, Damhsa agus Seanchas |
| 19:00 | Baile Locha Riach | An Seisiún Fómhair Siar |
| 19:00 | Baile Locha Riach | Priontaí & Scéalta: Ceardlann Déanta Priontaí le Gearradh Líonóile agus Scéalaíochta |
| 19:00 | Baile Locha Riach | Ceardlann Sceitseála le Róisín Curé |
| 19:00 | Baile Locha Riach | A Chíche, a chairde; We Act Breast Together! |
| 20:00 | Baile Locha Riach | Liombó 2040: Taibhiú Puipéadóireachta |
| 20:00 | Baile Locha Riach | Turas Oíche le Léamha as Silence of Stone |


## TUAIM

| | | |
|---|---|---|
| 16:00 | Tuaim | Anseo Atá Muid Anois! |
| 16:00 | Tuaim | Déanamh Priontaí Cianachló do chuile aois |
| 17:00 | Tuaim | Teanga Grá, Grá Thuama |
| 17:00 | Tuaim | Miotais agus Finscéalta na hÉireann |
| 17:00 | Tuaim | Brú Bhríde Oíche Mhaidhc Oscailte |
| 18:00 | Tuaim | Cuairt Stiúideo Karena Ryan le Ceardlann Fheiltbhrat Snáthaide |
| 19:30 | Tuaim | FUSE Trad |
| 20:00 | Tuaim | Lása Luimnigh agus Tionscadal Lásaí na hÉireann |
| 20:00 | Tuaim | Guthanna ón bPortach |
| 21:00 | Tuaim | Oíche Mhaidhc Oscailte Spraíúil! |
| 21:30 | Tuaim | Lumina |

## AR LÍNE

| | | |
|---|---|---|
| 16:00 | Ar líne | Taispeántas ón gClub Grianghrafadóireachta Solas |
| 19:00 | Ar líne | Cailéideascóp Liteartha Write-On 2024 |

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



# LUMINA

Ó 21:30

## Ardeaglais Deastógála na Maighdine Beannaithe, Tuaim, H54 WP66

Cuirfidh an taispeántas oíche iontach seo an lucht féachana faoi dhraíocht agus aghaidh Ardeaglais Thuama á athrú ina chanbhás solais agus fuaime trí theilgean agus beo-léirithe chórúla.



the arts council an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
culture works
CREATIVE PLACES TUAM

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR

FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 MEÁN FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 M




AILLIMHE • CONTAE NA GAILLIMHE • CONTAE NA GAILLIMHE



17:00
GO
19:00

# Cinnte d’fhéadfainn é sin a dhéanamh!

Limelight Creative Arts, H91 E0RF

Órán Mór

Tá sé cloiste againn uilig ag pointe éigin - Cinnte d’fhéadfainn é sin a dhéanamh! Ach an bhféadfaimis? Is taispeántas é ina léirítear ealaíontóirí áitiúla na Gaillimhe ag pointí éagsúla ina ngairmithe. Cuirfidh an taispeántas fócas ar phróiseas chuile ealaíontóra agus an paisean coiteann atá acu d’ealaín a chruthú.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



## 18:00 GO 20:00

# Drumadóireacht i nGrúpaí Drumadore agus Taibhithe

Keane’s Órán Mór, H91 E6RH

Órán Mór

Bí in éindí le Scoil Drumadóireachta Drumadore do cheardlann drumadóireachta spraíúil. Foghlaim roinnt tiúin drumadóireachta agus iad a chasadh i sráidbhaile Órán Mór! Beidh roinnt drumadóirí fásta de chuid Drumadore ag casadh chomh maith le baill The Bash Brothers leis an tráthnóna a thabhairt chun críche. Níl taithí riachtanach!



18:00
GO
20:00

# Damhsaí Faerie

Caisleán Bhaile Chláir, H91 E9T3

Baile Chláir

Sióga, Síogaithe & Gruagaigh ag Damhsa - bí i measc mhuintir dhraíochtúil na sióg, na damhsóirí óga áille ó Youth Ballet West, i dtimpeallacht iontach meánaoiseach.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**18:00 GO 20:00**

# Comharghrúpa na gCumadóirí Amhrán

Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, H65 WC57

Bhaile Átha an Rí

Roinnfidh cumadóirí amhrán as Baile Átha an Rí an stáitse ag seinm ceoil a chéile le 2 amhrán an cumadóir agus ceolfhoireann sreinge ag tabhairt an imeachta chun críche. Is iad Sinead Murphy, Sinead Ann, Harry Monson agus Daire MacMághnuis na cumadóirí. Beidh scoláirí agus foireann Scoil Cheoil Bhaile Átha an Rí ag tionlacan na gcumadóirí ar an oíche.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



18:00 GO 21:00

# Fuaimthonnta... Feicthe agus Cloiste!

Feirm Shóisialta An Trian Láir, Meáraí, Órán Mór, H91 FEF8

Órán Mór

Fuaimthonnta... Feicthe agus Cloiste! imeacht físiúil agus taibhealaíona ceangailte le sraith fuaimthonnta na dtaibh-ealaíona ar Fheirm Shóisialta An Trian Láir i rith 2024.

OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR



AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**19:00 GO 21:00**

# Oíche cheoil, drámaíochta, fhilíochta agus phróis

Institiúid Marine, H91 R673

Órán Mór

Rachaidh fonnadóirí ón Institiúid Marine, Grúpa Drámaíochta Bualadh Bos agus Grúpa Scríbhneoireachta Cruthaithí chun stáitse san Institiúid Marine álainn. Beidh Taispeántas Ealaíne san fháiltiú chomh maith. Tráthnóna iontach ceoil, drámaíochta, cultúir agus ealaíne!

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**16:00 GO 18:00**

# Ag Nascadh le Cultúr an Lucht Siúil

Páirc Ó Maine, H53 N7E5
Béal Átha na Sluaighe

Ceiliúradh ar chultúir an Lucht Siúil ina léireofar taispeántas vaigíní, socrú campaí tradisiúnta, taispeántas cócaireachta, ealaíona ón Lucht Siúil agus réimse ceirde agus scéalaíochta saincheaptha. Beidh deis ag daoine táithí ón mbunfhoinse a bheith acu ar chultúr an Lucht Siúil agus chun gabháil i mbun ceardaíochta agus na hearraí a thabhairt abhaile leo.



the arts council / an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO



16:00 GO 17:00

# Arrachtaí agus Créatúir

Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe,
Sráid an Chumainn, H53 T320

Ballinasloe

Meascán cliste é Arrachtaí agus Créatúir idir scigdhráma geamaireachta, puipéadóireacht agus scéalaíocht atá dírithe ar shamhlaíocht na ngasúr a ghríosú. Tá meascán álainn bosca puipéadóireachta seanfhaiseanta i stíl Punch agus Judy agus puipéadóireacht slata sheanfhaiseanta fite fuaite le scéal nua-aimseartha faoi chlú agus saibhreas an ‘X-Factor’.



the arts council an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



17:00 GO 22:00

# Oíche Chultúir Bhéal Átha Gártha 2024

An Teach Cúirte, F42 TD30

Béal Átha an Ghártha

Cuirfear tús le hOíche Chultúir Bhéal Átha an Ghártha le taispeántais grianghrafadóireachta ag 5pm agus beidh caint ar an stair áitiúil agus ceol traidisiúnta ag teacht sna sála air.

OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR

FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 MEÁN FÓMHAIR 2024 • AOINE 20 M



**19:00 GO 22:00**

# Taispeántas Ghrúpa 8

Halla Bhanna an Bhaile, H53 A0X9

Béal Átha na Sluaighe

Spreagtha ag uiscebhealaigh Bhéal Átha na Sluaighe, léiríonn Grúpa 8 taispeántas grúpa ar an scríbhneoireacht, péintéireacht, deileadh adhmaid, teicstílí, grianghrafadóireacht, earraí criadóireachta, meán measctha agus dealbh.

AILLIMHE • CONTAE NA GAILLIMHE • CONTAE NA GAILLIMH

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**20:00 GO 22:00**

# Fuaimeanna na mBailte Fearainn

Halla an Droichid Nua, H53 KC65

Droichead Nua

Tá an Comharghrúpa Artfarm i gcomhar le Bailte Slachtmhara an Droichid Nua ag óstáil ár dtríú Oíche Chultúir le 'Fuaimeanna na mBailte Fearainn'. Tá rithim agus ton ar leith ag chuile phobal tuaithe. Déanfaidh muid é sin a fhiosrú agus a chéiliúradh trí cheol, foinn, amhránaíocht, rapáil, filíocht, an focal labhartha, portaireacht, drumadóireacht agus gleo fuaimeanna sómasach.




16:00 GO 20:00

# Ceardlann Ceangailte Leabhar le Éilís Murphy

Comhéadan, H91 VW58

Gleann Eidhneach

Cruthóidh rannpháirtithe réimse leabhar lámhdhéanta le Éilís Murphy sa Cheardlann seo. Is é cuspóir na ceardlainne seo ná an poitéinseal a fhiosrú maidir struchtúir leabhair bhunúsacha, foghlaim cén chaoi uirlisí cheangal leabhar a úsáid agus teicnící leabhair dealbhacha a chruthú. Níl taithí riachtanach agus soláthrófar na huirlisí uilig.



**17:00 GO 19:00**

# Fíor-Ghaillimh

Teach Rinn Mhaoile, H91X8Y8

Rinn Mhaoile

Rachaidh an scríbhneoir a bhfuil gradaim buaite aici, file taibhithe agus scéalaí Anne Marie Kennedy i gcomhar leis an amhránaí, cumadóir amhrán, ceoltóir Don Stiffe le seó ilchineálach agus an-shiamsúil a thabhairt don lucht féachana. Cuireann Anne Marie roinnt traidisiúin phróis, saothar liteartha, aithriseoireachta agus scéalta pearsanta le chéile. Tá cumadóireacht liriciúil agus taithí saoil Don thar a bheith suimiúil agus tá a ghuth agus an giotár a bhíonn á thionlacan ina ngliondair fhileata.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



17:00 GO 20:00

# Faoi Gheasa

An Pháirc, Inis Mór, H91 ED89

Oileáin Árann

San eispéireas spraíúil, tumthach seo tabharfaidh an draíodóir (Ali Keohane) an lucht féachana ar Hy-Brasil, an t-oileán miotasach atá ag imeacht as radharc trí scéalta a bheidh á n-insint ag aisteoirí Mikel Murfi, Jenni Nikinmaa agus Tonya Lenhart. Thart ar 1 uair san fhad - tá an bealach thart ar 3 chiliméadar faoin spéir, caith bróga siúil agus éadaí ceart de réir na haimsire le do thoill.

Amanna tosaithe: Léiriú 1 - 17:00; Léiriú 2 - 19:00



the arts council
an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**18:00 GO 19:00**

# Damhsa Ceartingearach ar Thúr Martello, Ros an Mhíl, Taispeáint Scannáin

Coláiste Chamuis, H91 AW21

Ros a Mhíl

Ag meascadh ghnéithe na mara, na haimsire agus an dromchla le chéile le freagra trí dhamhsa ceartingearach a chruthú, is cnuasach smaointe agus taighde é an taispeáint scannáin seo.

Le Nicola Moran.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR




**19:00 GO 20:30**

# Gaillimh Cathair na Scannán/Taispeáint Ceantar Scannán

An Lóiste, McGrath's, H71 KR28

An Clochán

Taispeáint Poiblí Saor in Aisce le scannáin a rinneadh mar chuid de ghníomhaíochtaí Gaillimh Cathair na Scannán le blianta beaga anuas le scannáin ón Scéim na nGearrchlár Faisnéise agus #Dúshlán48Uair.



the arts council an chomhairle ealaíon

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR: TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



19:00 GO 21:00

## Taispeántas 'Inis Oírr i Stíl Jack B. Yeats' le Dara McGee agus ceolchoirm le ceoltóirí Inis Oírr

Áras Éanna, H91 H006

Inis Oírr, Oileáin Árann

Taispeántas 'Inis Oírr í Stíl Jack B. Yeats' le Dara McGee agus ceolchoirm le ceoltóirí Inis Oírr idir cheoltóirí agus amhránaithe.



the arts council an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO



**19:00 GO 23:00**

## Seoladh an suíteáil “Fáistineach” le hEoghan Ó Ceannabháin, Ultan O’Brien agus Saileog Ní Cheannabháin

Ionad Phobail an Mhháma, H91 P29P

Conamara

Ceolchoirm de sheoladh suíteáil le Peadar-Tom Mercier dar teideal “Fáistineach”. Is iad Eoghan Ó Ceannabháin, Ultan O’Brien agus Saileog Ní Cheannabháin ceoltóirí na hoíche.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**20:30 GO 23:00**

# Céilí Inis Meáin

Halla Naomh Eoin, Inis Meáin, H91 XK40

Oileáin Árann


Céilí i Halla Naomh Eoin ar Inis Meáin i gContae na Gaillimhe. Beidh an t-imeacht ag tosnú ag 20:30 agus ag críochnú ag 23:00. Cuirfear fáilte roimh phobal Inis Meáin a n-oidhreacht shaibhir a cheiliúradh trí dhamhsa agus ceol.



the arts council
an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**20:00 GO 23:00**

# Lainseáil Leabhar nua Mháirtín Davy 'Learaí an Cheoil agus Scéalta Nua'

Tígh Phadraicín, H91 YW68

Na Forbacha

Lainseáil, Léamh agus Plé faoi leabhar nua gearrscéalta grinn bunaithe ar eachtraí a tharla i gceantar an Údair fadó chómh maith le ceol, amhránaíocht agus siamsaíocht, curtha i láthair ag Seán Ó Gráinne.



**18:00 GO 21:00**

# Soiléiriú ar "No Blade of Grass: Strontium Dog": Tráthnóna le Austin Ivers

Sráid an Droichid, H91 VH21

An Gort

Bí linn le físealaíontóir Austin Ivers do thuras a sheó aonair ag an Siopa Airgid sa Ghort. Pléifidh Ivers a shaothar agus freagróidh sé ceisteanna i dtimpeallacht réchúiseach. Turais saor in aisce á rith idir 6pm - 9pm. Foirfe le haghaidh glasach agus díograiseoirí ealaíon araon. Tar linn chun domhan na físealaíona a fhiosrú!

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



18:00 GO 20:00

# Oíche sa Ghráig; Seanchas agus Ceol Traidisiúnta

Galleria Furniture, H62 D379

An Ghráig

Éist le scéalta ón seanchaí traidisiúnta Niall De Búrca sa Ghráig, i lár Shliabh Eachtaí. Beidh ceol traidisiúnta óna Tradheads ina ndiaidh.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR




**19:00 GO 22:00**

# An Seisiún Fómhair Siar

Teach Brogan, An Cé, H91 P6PP

Cinn Mhara

Is imeacht cultúrtha bríomhar é an Seisiún Fómhair Siar a dheanann ceiliúradh ar thraidisiúin shaibhre cheol agus ealaín na hÉireann i dtírdhreach álainn an fhómhair, Ché Chinn Mhara. Tá muid ag cur fáilte roimh an séasúr nua, ag déanamh ceiliúradh ar chultúr na hÉireann agus cumhacht aontaithe an cheoil agus na healaíne.



the arts council / an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**19:00 GO 21:00**

# Priontaí & Scéalta: Ceardlann Déanta Priontaí le Gearradh Líonóile agus Scéalaíochta

Halla an Bhaile Phort Omna, H53 A0K8

Port Omna

Déanann Deborah Miranda ealaín déanta priontaí le gearradh líonóile agus draíocht na scéalaíochta comhoibríche a chur le chéile sa cheardlann ar leith seo. Foghlaimeoidh rannpháirtithe bunúis na priontála agus na snoíodóireachta líonóile lena bpriontaí féin a chruthú. Bainfear úsáid as na híomhánna aonair ansin le scéal comhoibríoch a chruthú.



# 19:00 GO 21:00 Ceardlann Sceitseála le Róisín Curé

Ionad Pobail Bhaile an Doirín, H91 TC65

Baile an Doirín

Beidh an t-ealaíontóir Róisín Curé ag óstáil cheardlann sceitseála in Ionad Pobal Bhaile an Dóirín ar Oíche Chultúir. Foghlaimeoidh scoláirí cén chaoi tarraingt agus dathú ó ghrianghraif. Mhúin Róisín Curé ceardlanna sceitseála agus cartúin do dhaoine fásta agus gasúir, in Éirinn agus trasna na hEorpa, le hos cionn deich mbliana. Soláthrófar na hábhair.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**19:00 GO 22:00**

# A Chíche, a chairde; We Act Breast Together!

Ionad Tacaíochta Ailse an Ghoirt, H91 WFP8

An Gort

Déanfaidh marthanóirí ailse chíche Helen Fahy agus Megan Flynn Dixon tráthnóna na cruthaitheachta agus spraoi a óstáil atá dírithe ar mharthanóirí, orthu siúd a sheachain an galar, othair atá faoi chóir leighis reatha agus a dteaghlaigh agus a dtacadóirí siúd. Tráthnóna réchúiseach neamhfhoirmeálta agus le péint agus prós!

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



# 20:00 GO 21:00 Liombó 2040: Taibhiú Puipéadóireachta

Hall an Bhaile, An Gort, H91 E0C8

An Gort

Sa bhliain 2040, maireann Luca in arasán uirbeach todhchaíoch. I saol uaigneach agus atriallach atá faoi smacht na nghléasanna uathoibrithe, tagann cor mistéireach ar shaol Luca agus fiafraíonn sé de féin, “An mbíonn tú ariamh ag smaoineamh céard atá lasmuigh?”. Le healaíontóirí Tommy Baker, Bríd Kivneen agus Bren McMahon.



the arts council an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR





**20:00 GO 22:00**

# Turas Oíche le Léamha as Silence of Stone

Ionad Theach na mBocht Éireannach, H53 EK74

Port Omna


Ag tosú ag 20:00, bíodh eispéaras agat ar "Ealaín i bhFocail" le Pen Pushers Port Omna agus a gcairde i nGealairí Theach na mBocht le hamhráin agus léamha bunaidh. Ina dhiaidh sin ag 9pm cuirfear tús leis an Turas Oíche agus beidh léamha beo ó Thionscadal Scríbhneoireachta Éire Ildánach 2023, "Silence of Stone".



the arts council
an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



16:00 GO 17:00

# Anseo Atá Muid Anois!

Lasmuigh de Halla an Bhaile ar an gCearnóg, H54 XD61

Tuaim

Anseo Atá Muid Anois! Seó cluichí sráide le rannpháirtíocht an phobail le Sparkcatchers! ag glacadh spáis phoiblí os comhair Halla an Bhaile. Léiríonn déagóirí áitiúla leideanna ábhartha do mhuintir Thuama agus iad ina n-óstaigh ar an seó cluichí ar an gCearnóg agus taithí spraíúil á cruthú acu, rud a osclóidh spás le haghaidh caidrimh.



the arts council
an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO




# 16:00 GO 18:00 Déanamh Priontaí Cianachló do chuile aois

Halla an Bhaile Thuama, H54 XD61

Tuaim

Ceardlann spraíúil agus cruthaitheach í priontáil chianachló d'ealaíontóirí ag chuile aoisghrúpa le Jennifer Cunnigham. Trí dhraíocht na heolaíochta, is féidir leat saothair ealaíne a chruthú le teicníc mhalartach na grianghrafadóireachta seo. Bainfidh rannpháirtithe úsáid as duilleoga, cleití agus ábhair eile lena bpriontaí féin a chruthú again a thabhairt abhaile leo.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



17:00 GO 19:00

# Teanga Grá, Grá Thuama

Leabharlann Thuama, H54 F627

Tuaim

Déan ceiliúradh ar chanúint ar leith bhaile Thuama i gcomhcheardaíocht idir Brú Bhríde agus ealaíontóir Kathy Ross. Foghlaimeoidh rannpháirtithe faoi bhéarlagair Thuama agus cultúr an Lucht Siúil agus iad ag déanamh Pócaí Coirníní. Beidh Kathy Ross i gceannas ar bhord déanta priontaí agus péinteála éadaí ina bhféadfar málaí a mhaisiú le teangacha éagsúla Thuama.



the arts council an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**17:00 GO 19:00**

# Miotais agus Finscéalta na hÉireann

Gaelscoil Iarfhlatha, H54 CC80

Tuaim

Ceiliúradh ar Mhiotas agus Finscéalta na hÉireann le scríbhneoir áitiúil Patricia King-Callaghan agus céimí ealaíne Dara Moran ina mbeidh saothair ealaíne agus scéalta draíochtúla na hÉireann a bhfuil an-ghrá ann dóibh a insint.

OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR OÍCHE CHULTÚIR

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR





17:00
GO
21:00

# Brú Bhríde Oíche Mhaidhc Oscailte

Brú Bhríde, H54 EY24

Tuaim

Déanfaidh Brú Bhríde seisiún Maidhc Oscailte a óstáil ar Oíche Chultúir. Cuirfear fáilte roimh dhaoine ón Lucht Siúil agus ón bPobal Socraithe araon a gcuid tallanna a roinnt agus ceiliúradh a dhéanamh ar cheol agus amhránaíocht thraidisiúnta, nua-aimseartha. Tabharfaidh an t-imeacht seo deis do chuile phobal casadh lena chéile, plé a bheith acu agus cairde a dhéanamh i spás spraíúil agus taitneamhach ina mbeidh tuiscint ar bhuanna na dtaibheoirí.



**18:00 GO 20:00**

# Cuairt Stiúideo Karena Ryan le Ceardlann Fheiltbhrat Snáthaide

Bóthar Bhaile an Ghadaí, H54 N266

Tuaim

Cuairt stiúideo agus ceardlann teicstíle le healaíontóir ar bronnadh gradam uirthi Karena Ryan. Faoi threoir an sár-ealaíontóra, cruthóidh tú do phictiúr fheilbhrat snáthaide féin, píosa ealaíne pearsanta le tabhairt abhaile. I rith na ceardlainne, gheobhaidh tú taithí ar ghnéithe machnamhacha an fheiltbhrait snáthaide, gníomhaíocht thar a bheith taitneamhach.




19:30 GO 22:00


# FUSE Trad

Amharclann an Mheal, H54 Y773

Tuaim

Ceiliúradh ar Chultúr na hÉireann trí cheol, amhránaíocht agus damhsa le taibhithe ón ngrúpa Half Speed Trad, Comhaltas Thuama, Acadamh Rince Gaelach an Atlantaigh, grúpa damhsa Half Speed Céilí agus go leor eile.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



20:00 GO 22:00

# Lása Luimnigh agus Tionscadal Lásaí na hÉireann

Óstán Angler's Rest, H91 PN77

Áth Cinn

Cuirfidh Gabriela Avram as Cairde an Lása, Luimneach stair agus oidhreacht Lásadóireacht Luimnigh i láthair. Déanfaidh Gabriela an tionscadal nua iontach 'Lásaí na hÉireann - Slí an Lása Uile-Éireann' a leagan amach a bhfuil Togra Lása Headford páirteach ann. (www.lacesofireland.ie)



the arts council
an chomhairle ealaíon

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



**20:00 GO 23:00**

# Guthanna ón bPortach

Ionad Pobail Chill Chonla, H54 C526

Cill Chonla

Déan ceiliúradh ar bhogaigh Chill Chonla agus tráthnóna a chaitheamh oidhreacht ár dtalamh portach a fhiosrú, ó bhéaloideas agus traidisiúin an phortaigh go dtí an éiceachóras ar leith atá á chothú ag an bportach. Beidh startha béil, léamha filíochta, caint éiceolaíoch, taispeántas ealaíne agus ceol traidisiúnta na hÉireann ina measc. Bí linn d'eispéireas ar leith ar an dúlra, stair agus spiorad pobail.




21:00
GO
00:00

# Oíche Mhaidhc Oscailte Spraíúil!

Teach Tábhairne Campbell's, H91 T4A8

Áth Cinn

Le ceiliúradh a dhéanamh ar thaipéis shaibhir na dtallanna atá sa phobal, tá "Oíche Mhaidhc Oscailte Spraíúil" á óstáil ag Solstice Arts Group d'Oíche Chultúir na Gaillimhe 2024 sa teach tábhairne ceoil cáiliúil, Teach Tábhairne Campbell's. Tá fáilte roimh chách teacht chun stáitse ar an oíche lenár mbanna agus reachtaire iontach!

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR




## 16:00 GO 00:00 Taispeántas ón gClub Grianghrafadóireachta Solas

Ar líne

bit.ly/solasphoto24

Sa taispeántas seo ón nGrúpa Grianghrafadóireachta Solas léireofar peirspictíochtaí leathan grianghrafadóireachta agus stíleanna i saothair na mball a bronnadh gradam orthu. Beidh fiadhúlra, tírdhreach, muirdhreach, teibí, ábhar neamhbheo agus seánraí eile ina measc. Beidh saoirse agat gabháil timpeall nó i bheith páirteach i dturas treoraithe chun breathnú ar shaothair ealaíne i ngailearaí taispeántais físiúil.

AR AIS CHUIG CLÁR ÁBHAR



19:00
GO
21:00

# Cailéideascóp Liteartha Write-On 2024

Ar líne

www.write-on.ie

Bí linn do "Cailéideascóp Liteartha Write-On," aistear físiúil a mhairfidh dhá uair a bheidh á óstáil ag Grúpa Write-On na Gaillimhe. Seolfaidh muid ár nDíolaim 2025 ag an imeacht agus léireofar dánta, scéalta agus scríbhneoireacht eile ón ár mballraíocht ilchineálach. Ná caill an deis a bheith páirteach san fhéasta liteartha speisialta seo!

## BUÍOCHAS

Gabhaimid buíochas ó Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe lenár n-eagraithe imeachtaí, ealaíontóirí, grúpaí, comhpháirtithe, maoinitheoirí, pobail, urraitheoirí agus seaimpíní na hOíche Chultúir as do chuid oibre crua.

Tarlaíonn go leor taobh thiar de na radhairc san Oifig Ealaíon chun Oíche Chultúir a chur ar fáil. Go raibh míle maith ag Comhordaitheoir Oíche Chultúir, Ruth Gordon agus ag Foireann na hOifige Ealaíon Sharon O'Grady, Amie Lawless, Valerie Kelly, agus Claire Connolly. Gabhaimid ár mbuíochas freisin lenár saoroibrithe, Dearthóir Eamonn B. Shanahan, Grianghrafadóirí Aengus McMahon agus Emilija Jefremova, Bainisteoir Léirithe Frank Commins, Bainisteoir an Chaidrimh Phoiblí agus na Meán Sóisialta Alex Stewart agus Léiritheoirí Oíche Chultúir Dhéanach "Lumina" Denise McDonagh agus Matti Allam ag Culture Works.

Ar deireadh, gabhaimid buíochas lenár lucht leanúna go léir!



the arts council
an chomhairle ealaíon
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SUÍOMH GRÉASÁIN OÍCHE CHULTÚIR:
TAPÁIL ANSEO